**Comhairle an Aontais Eorpaigh**
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 4 Lúnasa 2026**

**CM 3541/1/26**
**REV 1**

**ECOFIN**
**UEM**
**FIN**
**PROCED**
***ECB***
***EIB***

# TEACHTAIREACHT

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | ecomp1a.ecpol@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32-2-281 81 88 |
| Ábhar: | Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta<br>– Glacadh<br>– An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh |

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2), an 22 Iúil 2026, an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, iarrtar oraibh a chur in iúl an aontaíonn sibh le glacadh na **gCinntí Cur Chun Feidhme** seo a leanas ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta **na Seicia, na hEastóine, na Fraince, na hÉireann, Mhálta agus na Rómáine,** mar a leagtar amach sna doiciméid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta **na Seicia** (11889/26 + ADD 1)

(2) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta **na hEastóine** (11892/26 + ADD 1)

(3) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta **na Fraince** (11893/26 + ADD 1)

(4) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta **na hÉireann** (11891/26 + ADD 1)

(5) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta **Mhálta** (11894/26 + ADD 1)

(6) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta **na Rómáine** (11890/26 + ADD 1 + ADD 1 COR 1)

Ar chúiseanna éifeachtúlachta, i gcás ina bhfuil sé ar intinn ag na toscaireachtaí vótáil ar an gcaoi chéanna maidir le gach ceann de na Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle a liostaítear thuas, féadfaidh siad a roghnú gan ach freagra amháin a thabhairt ar na cinntí go léir. Sa chás sin, iarrtar ar na toscaireachtaí an méid seo a leanas a chur in iúl go soiléir ina bhfreagra:
**'Tá feidhm ag an bhfreagra seo (roghnaigh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID) maidir le gach ceann de na Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle a liostaítear in CM 3541/26.'**

I gcásanna ina bhfuil sé ar intinn ag na toscaireachtaí vótáil ar bhealach éagsúil maidir leis na Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle a liostaítear thuas, iarrtar ar na toscaireachtaí (**AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID**) a thabhairt mar fhreagra maidir le gach ceann de na Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle ar leithligh.

Is tráth a fhreagraítear na ceisteanna ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh, cé is moite de na ráitis aontaobhacha a rinneadh cheana ag Coiste na mBuanionadaithe. Agus na ráitis sin á ndéanamh acu, iarrtar ar na toscaireachtaí an Cinneadh Cur Chun Feidhme/na Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena mbaineann siad a chur in iúl.

Seoltar na freagraí trí ríomhphost chuig ecomp1a.ecpol@consilium.europa.eu agus ní mór dóibh a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle **faoi 12.00 CEST (am na Bruiséile), Dé Céadaoin, an 5 Lúnasa 2026,** agus cóip le cur chuig: alenka.jaschke@consilium.europa.eu; maria.ruiz-nievas@consilium.europa.eu; lina.bukeviciute@consilium.europa.eu.